

CÁITHNÍN SA BHFIACAIL

Bhí fear ann agus inghean aige, aon inghean amháin. Ní raibh ann ach é féin agus an inghean. Tháinig fear óg ag iarraidh na hinghin air. Níor thaithnigh sé leis agus ní bhfuair sé í uaidh. D'imthigh an fear óg, agus an inghean, níor dhubhairt sí go mba dona a rinne sé.

Chuaidh an inghean agus rinne sí arán mine coirce agus d'fhág sí cuimse den cháith tríd an arán. Nuair a d'ith an t-athair an t-arán chuaidh na cáithníní i bhfastó ina chuid fiacal.

"Chuir tú an iomarca den cháith tríd an arán" adeir an t-athair leis an inghin. "Tá mo chuid fiacal lán den cháithnín."

"Maise deamhan blas suime agam-sa ins an bhfear a bhí dhom éiliú aréir ach an oiread atá a'd-sa sa gcáithnín a bhaint as t'fhiacail."

"Más é sin an sgéal" ar seisean, "dheamhan lá suaimnis a gheitheas tú go bpósfaidh tú é, mar ní bhfuighfidh mise an tsuaimneas go mbainidh mé an cáithnín as m'fhiacail."

Chuir sé fios ar an bhfear óg agus phós siad a chéile, agus ní bhfuair an t-athair locht air fad is mhair sé.